


An
Bord
Pleanála

Forbairt Straitéiseach Tithíochta

Iarratais alt 7 chinneadh tástála agus / nó tuairim staidéir scóipe i gcás Measúnú Tionchar Timpeallachta (MTT) agus / nó Measúnú Oiriúnachta (MO)

Treoir d'Iarratasóirí Ionchasacha



Clár

Cad is Forbairt Straitéiseach Tithíochta ann (FST)?	4
An Bonn Reachtach do Thástáil agus do Staidéar Scóipe FST	4
Cad is iarratas alt 7 ann?	5
Riachtanais d'Iarratasóirí Ionchasacha agus iarratas á dhéanamh.....	7
Próiseáil iarratais Alt 7 ag an mBord Pleanála	9
Tástáil agus staidéar scóipe maidir le MTT – Cúrsaí don Bhord Pleanála	11
Tástáil agus staidéar scóipe maidir le MO – Cúrsaí don Bhord Pleanála.....	12
Treoir AE 2014/52/AE (leasú): Impleachtaí do chinntí tástála / tuairimí staidéir scóipe MTT	14
Comhairliúchán an iarratasóra ionchasaigh roimh iarratas alt 7 a dhéanamh.....	15

Forbairt Straitéiseach Tithíochta

Iarratais alt 7 ar chinntí / tuairimí i dtaca le tástáil/staidéar scóipe MTT / MO

Treoir d'Iarratasóirí Ionchasacha

An tAcht um Pleanáil (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016 Na Rialacháin Pleanála agus Forbartha (Forbairt Straitéiseach Tithíochta) 2017

Foráiltear in alt 7 d'Acht 2016 gur féidir le hiarratasóir ionchasach iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh tástála agus / nó tuairim staidéir scóipe i gcás Measúnú Tionchar Timpeallachta (MTT) agus / nó Measúnú Oiriúnachta (MO) maidir le Forbairt Straitéiseach Tithíochta (FST) bheartaithe.

Is faoi lánrogha an iarratasóra atá sé iarratas den sórt seo a dhéanamh agus ní cuid riachtanach é den phróiseas réamhiarratais FST.

Tiocfaidh na socruithe nua i bhfeidhm Dé Luain, an 3 Iúil 2017 go ceann tréimhse suas go 31 Nollaig 2019, nuair a d'fhéadfaí an tréimhse a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2021, faoi réir próiseas athbhreithnithe.

Tá treoir ghinearálta foilsithe ag an mBord Pleanála maidir leis na nósanna imeachta éagsúla nua a tugadh isteach le hAcht 2016. Tá an doiciméad seo ar cheann de shraith doiciméad a bhaineann le hiarratais alt 7 ar chinneadh tástála agus / nó tuairim staidéir scóipe maidir le Measúnú Tionchar Timpeallachta (MTT) agus / nó Measúnú Oiriúnachta (MO) i dtaca le tograí FST.

Gheofar treoir bhreise i dtaca le comhairliúcháin réamhiarratais FST chuig an mBord Pleanála agus i dtaca le hiarratais FST go díreach chuig an mBord Pleanála.

Cad is Forbairt Straitéiseach Tithíochta ann (FST)?

Faoin Acht um Pleanáil (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016, sainmhínítear FST faoi alt 3 den mar:

- (a) forbairt de 100 teach nó níos mó ar thalamh atá zónáilte d'úsáid chónaithe nó do mheascán d'úsáid chónaithe agus úsáidí eile,
- (b) forbairt d'aonaid chóiríochta do mhic léinn, ina mbeidh 200 spás leaba, nó níos mó, san iomlán, ar thalamh atá zónáilte do chóiríocht do mhic léinn nó do mheascán de chóiríocht do mhic léinn agus d'úsáidí eile,
- (c) forbairt ina n-áirítear forbairtí den chineál dá dtagraítear in alt (a) agus den chineál dá dtagraítear in alt (b), nó ina bhfuil meascán de thithe agus de chóiríocht do mhic léinn nó
- (d) athrú ar chead reatha pleanála a deonaíodh faoi alt 34 (seachas faoi fho-alt (3A)) mar a mbaineann an t-athrú beartaithe le forbairt a shonraítear i bparagraf (a), (b) nó (c).

An Bonn Reachtach do Thástáil agus do Staidéar Scóipe FST

Foráiltear in alt 7 d'Acht 2016 **cé nach gné éigeantach é** gur féidir le hiarratasóir ionchasach iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh tástála agus / nó tuairim staidéir scóipe maidir le Measúnú Tionchar Timpeallachta (MTT) agus / nó Measúnú Oiriúnachta (MO) maidir le Forbairt Straitéiseach Tithíochta (FST) bheartaithe.

Is féidir iarratais alt 7 a sheoladh i scríbhinn chuig an mBord Pleanála uair ar bith tar éis an chruinnithe Comhairliúcháin Réamhiarratais FST de bhua alt 6(5).

Soláthraíonn alt 7 mar aon le hairteagail 286 go 291 (agus an dá cheann san áireamh) de Rialacháin 2017 an bonn reachtach do na hiarratais seo.

Beidh tréimhsí ama ar leith ag an mBord Pleanála chun freagairt d'iarraais mar seo nach ionann iad agus na tréimhsí ama don chomhairliúchán réamhiarraais.

Tabharfaidh an Bord Pleanála freagairtí ar iarraais ar chinntí agus tuairimí tar éis dhúnadh an phróisis chomhairliúcháin réamhiarraais.

Cé nach gné éigeantach é, i gcás ina ndéantar iarraitas faoi alt 7, ní féidir iarraitas pleanála ar fhorbairt FST a thaisceadh go dtí go mbeidh a chinneadh agus / nó tuairim faoi alt 7 curtha ar fáil ag an mBord Pleanála.

Cad is iarraitas alt 7 ann?

Baineann iarraitas alt 7 le soláthar cinntí tástála agus tuairimí staidéar scóipe ón mBord Pleanála (maidir le FST). Is féidir iarraais den sórt seo ar chinntiú agus / nó tuairimí a dhéanamh i dtaca le measúnú tionchair timpeallachta nó measúnú oiriúnachta nó an dá cheann.

Tástáil maidir le MTT agus MO

Ceanglaítear ar an mBord Pleanála, má iarrtar é, cinneadh a dhéanamh cibé an gá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) / Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (TMTT)¹ nó Ráiteas Tionchair Natura a chur ag gabháil leis an iarraitas pleanála ar FST beartaithe, bunaithe ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an FST ar an timpeallacht (RTT) nó ar láithreán Eorpach / láithreáin Eorpacha ina (n)aonar nó i dteannta pleananna nó tionscadail eile i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin (MO).

¹ TMTT, féach fo-alt thíos ar fhorálacha na Treorach leasaithe Aontais Eorpaigh 2014/52/EU

Foráiltear i dtástáil RTT, go háirithe, faoi alt 7(1)(a)(i)(l) d'Acht 2016, le haghaidh iarratas a dhéanamh i dtaca le haicme forbartha nach sáraíonn méid, achar nó teorainn ábhartha eile atá sonraithe sna haicmí atá sonraithe i gCuid 2 de Sceideal 5 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 (leasú). Go tipiciúil, d'aireofaí do chuspóirí FST (ag brath ar nádúr / meascán na forbartha molta) breithniú fo-thairsí do cheann amháin nó níos mó de na haicmí forbartha atá leagtha amach in alt 10 (Tionscadail Bhonneagair) de Chuid 2, lena n-áirítear:

- Níos mó ná 500 aonad cónaithe a thógáil
- Ionad siopadóireachta le hachar urláir is mó ná 10,000 méadar cearnach a thógáil
- Forbairt uirbeach de os cionn 2 heicteár i gcás ceantar gnó, 10 heicteár i gcás codanna eile de limistéar tógtha agus 20 heicteár in áiteanna eile.

Is féidir, mar sin féin, go mbeidh catagóirí / aicmí eile forbartha i gCuid 2 a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do chuspóirí na tástála fo-thairsí má chorpraítear iad mar chuid de FST beartaithe, agus ba chóir don iarratasóir ionchasach é nó í féin a shásamh maidir leis na catagóirí eile.

Staidéar scóipe do RTT agus RTN

Ceanglaíonn alt 7 d'Acht 2016 ar an mBord Pleanála tuairim scríofa a chur ar fáil ar cad iad na príomh-mhíreanna eolais is gá a chur isteach i RTT / TMTT nó RTN maidir le hábhair lena n-áirítear:

- Nádúr agus scála an FST beartaithe
- An timpeallacht ghlactha
- Láithreán/láithreáin Eorpacha i dtrácht agus a gcuspóirí caomhantais,
- Aighneachtaí ó chomhlachtaí reachtúla agus daoine / comhlachtaí eile,

- Treoracha Eorpacha Ábhartha,
- Nithe eile lena n-áirítear iad siúd atá forordaithe sna Rialacháin (féach treoir bhreise thíos)

Riachtanais d'Iarratasóirí Ionchasaigh agus Iarratas á Dhéanamh

Ceanglaítear faoin reachtaíocht riachtanais áirithe nós imeachta agus eolais a chomhlíonadh agus iarratas alt 7 á dhéanamh ar an mBord Pleanála. Áirítear orthu sin:

1. An t-iarratas a bheith i scríbhinn
2. Táille a íoc (€1,000 tástáil / €5,000 staidéar scóipe)
3. Ba chóir iarratais tástála agus staidéar scóipe a dhéanamh ag an am céanna nuair a bhíonn an dá cheann de dhíth, mura n-aontaítear a mhalairt leis an mBord Pleanála.
4. Ainm, seoladh, uimhir fóin agus seoladh ríomhphoist an iarratasóra ionchasaigh
5. Toiliú scríofa an úinéara chun iarratas Alt 4 a dhéanamh nuair nach é an t-iarratasóir úinéir na talún
6. Suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na dtailte / an fhoirgnimh is ábhar don iarratas agus léarscáil shuíomh an láithreáin ar a bhfuil marcáilte le peann dearg teorainneacha na talún nó an struchtúir agus le peann gorm aon tailte ceangailte, teoranta nó cóngaracha atá faoi smacht an iarratasóra ionchasaigh nó an té ar leis an talamh agus i bpeann buí aon chead slí.
7. Cur síos gairid ar nádúr an FST beartaithe agus aon éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige ar an timpeallacht.
8. Uimhir thagartha an Bhoird don chomhairliúchán faoi alt 6(5), dáta(i) aon chomhairliúcháin agus aon athruithe ar an bhforbairt bheartaithe ó na tograí is ábhar don chomhairliúchán.

9. Cibé an áirítear ar an bhforbairt bheartaithe gníomhaíocht dá dteastóidh ceadúnas IPPC nó ceadúnas dramhaíola.
10. Cibé an mbaineann an fhorbairt bheartaithe le soláthar nó mionathrú 'bunaíochta'
11. I gcás ina n-iarrtar tástáil MTT, tuairim an iarratasóra ionchasaigh maidir le cibé an dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar an timpeallacht agus na forais leis an tuairim sin (féach tuilleadh treorach thíos)
12. I gcás ina n-iarrtar tástáil MO, tuairim an iarratasóra ionchasaigh maidir le cibé an dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe, ina aonar nó i dteannta forbartha eile, ar láithreán Eorpach agus na forais leis an tuairim sin (féach tuilleadh treorach thíos)
13. 2 chóip chlóite den iarratas agus 3 chóip i bhfoirm inléite ag meaisín ar ghléasanna digiteacha.

Riachtanais Nós Imeachta tar éis Iarratas faoi alt 7

- Ní dhéanfar iarratas ar FST go dtí go mbeidh an t-iarratas / na hiarratais comhlíonta.
- Ní mór an cinneadh tástála agus / nó tuairim staidéir scóipe (lena n-áirítear na príomhchúiseanna agus na príomhábhair ar ar bunaíodh iad) a thaisceadh agus a choimeád in éineacht leis na doiciméid a bhaineann leis an iarratas, nuair a thaisctear é.

Tá nósanna imeachta an Bhoird Phleanála maidir le hiarratais ar chinneadh tástála agus / nó tuairim staidéir scóipe maidir le MTT / MO leagtha amach thíos:

1. **Tréimhsí ama:** Bíonn ocht seachtaine ag an mBord Pleanála chun cinneadh tástála a dhéanamh nó 16 seachtaine chun tuairim staidéir scóipe a thabhairt.
2. I gcás ina n-iarrtar cinneadh tástála agus tuairim staidéir scóipe, ní mór an dá cheann a iarraidh ag an am céanna. Bíonn suas le 8 seachtaine ag an mBord Pleanála chun cinneadh tástála a dhéanamh agus ansin ní mór an tuairim staidéir scóipe a sholáthar laistigh de 16 seachtain ón uair a fhaightear an t-iarratas / na hiarratais.
3. **Iarratas a dhiúltú:** Féadfaidh an Bord Pleanála diúltú déileáil le hiarratas mura soláthraíonn an t-iarratasóir ionchasach na sonraí a chaithfear a chur ag gabháil leis an iarratas mar atá leagtha amach thuas nó mura gcuirtear an táille chuí isteach. I gcás mar sin, ní mór don Bhoird Pleanála na cúiseanna a thabhairt leis an gcinneadh seo gan an t-iarratas a bhreithniú agus cóipeanna den iarratas agus aon chuid den táille a bhí ag gabháil leis a chur ar ais laistigh de 2 sheachtain ón dáta a fhaightear an t-iarratas.
4. I gcás ina ndiúltaítear iarratas a bhreithniú féadfaidh an Bord Pleanála cóip a dhéanamh de na doiciméid, cóip leictreonach de na doiciméid a choimeád nó i gcomhaontú leis an iarratasóir ionchasach na doiciméid is ábhar don iarratas / do na hiarratais a choimeád.
5. **Comhairliúcháin le comhlachtaí forordaithe:** Rachaidh an Bord Pleanála i gcomhairle le comhlachtaí forordaithe (nó daoine nó comhlachtaí eile a mheasann sé a bheith cuí) ar an iarratas ar thuairim staidéir scóipe MTT a bheith faighte. Cuirfear scéala chuig

an iarratasóir ionchasach maidir le haon duine nó comhlacht a ndeachthas i gcomhairle leis. Beidh 3 seachtaine ag an duine nó an comhlacht a ndeachthas i gcomhairle leis chun freagairt a thabhairt ar an bhfógra agus cuirfear cinneadh tástála / tuairim staidéir scóipe an Bhoird Phleanála ar an FST in iúl dóibh.

6. **Eolas breise:** Féadfaidh an Bord Pleanála eolas breise a iarraidh ar iarratasóir ionchasach maidir le hiarratas ar chinneadh tástála nó tuairim staidéir scóipe. Bíonn 2 sheachtain ag an iarratasóir ionchasach chun freagairt a thabhairt ar fhógra mar sin.

Comhlachtaí forordaithe maidir le Staidéar Scóipe

Seo a leanas na comhlachtaí forordaithe maidir le Staidéar Scóipe MTT:

An tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Muirí, an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Forbartha Réigiúnaí agus Gnóthaí Gaeltachta, an tAire Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil agus Údaráis Phleanála lena mbaineann.

Ní dhéantar comhlachtaí a fhorordú go foirmiúil sna Rialacháin ach amháin le haghaidh staidéar scóipe MTT le haghaidh FST ach is faoi lánrogha an Bhoird Phleanála a bheidh sé cibé a rachfar i gcomhairle maidir le tástáil agus staidéar scóipe maidir le MO.

Cinneadh Tástála maidir le MTT

Féachfaidh an Bord Pleanála do na critéir i Sceideal 7 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 (leasú) agus cinneadh tástála MTT á dhéanamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an dócha go mbeadh éifeacht shuntasach ag an FST beartaithe ar an timpeallacht.

I gcás ina mbeadh an FST suite ar, nó ina bhféadfadh sé difear a dhéanamh do, láithreáin / ceantair dá dtagraítear in Airteagal 289(2) de Rialacháin 2017, féachfaidh sé, leis, do na héifeachtaí suntasach is dócha a bheadh aige ar láithreáin nó ar cheantair den sórt sin, agus an cinneadh á dhéanamh.

I gcás ina gcinneann an Bord Pleanála gur dócha go mbeadh éifeacht shuntasach ag an FST beartaithe ar an timpeallacht cuirfidh sé scéala chuig an iarratasóir go gcaithfear MTT / TMTT a chur isteach mar chuid den iarratas ar fhorbairt.

Agus aon iarratas den sórt sin ar thástáil á dhéanamh, ní mór don iarratasóir ionchasach tuairim a sholáthar maidir le cibé an dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an FST beartaithe ar an timpeallacht agus na forais leis an tuairim sin. Maidir leis seo, ba chóir don iarratasóir ionchasach aird a thabhairt ar fhorálacha agus impleachtaí Threoir leasaitheach an Aontais Eorpaigh 2014/52/AE agus tuairim á baint aige / aici as (féach an nóta breise thíos ar an Treoir seo).

Tuairim staidéir scóipe maidir le heolas nár mhór a bheith san MTT / TMTT

Féachfaidh an Bord Pleanála, maidir le tuairim staidéir scóipe do MTT, d'airteagal 94 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 (leasú) agus léireofar ina thuairim a mhéad den eolas i bparagraf 2 de Sceideal de na Rialacháin Forbartha agus Pleanála 2001 (leasú) nár mhór a bheidh san MTT / TMTT.

Ba chóir don iarratasóir ionchasach aird a thabhairt, leis, ar fhorálacha agus impleachtaí Threoir leasaitheach an Aontais Eorpaigh 2014/52/AE in aon iarratas a chuirtear isteach chuig an mBord (féach an nóta breise thíos ar an Treoir seo).

Tástáil agus staidéar scóipe maidir le MO – Cúrsaí don Bhord Pleanála

Cinneadh Tástála maidir le MO

Agus iarratas á dhéanamh ar chinneadh tástála MO ní mór don iarratasóir ionchasach tuairim a sholáthar maidir le cibé an dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt bheartaithe, ina aonar nó i dteannta plean nó tionscadail eile, ar láithreán / láithreáin Eorpacha i bhfianaise chuspóirí comhaontais an láithreáin / na láithreán agus na forais leis an tuairim sin.

Is ar an iarratasóir ionchasach atá an t-ualach a chinntiú go gcuirtear eolas dóthanach agus ábhartha isteach chun gur féidir an tástáil a chur i gcrích. Ní mór don eolas seo a bheith ina eolas eolaíoch agus ábhartha maidir leis na héifeachtaí dóchúla ar an láithreán / na láithreáin i dtrácht i bhfianaise a gcuspóirí comhaontais.

Is ionann éifeacht shuntasach agus aon éifeacht a dhéanfadh difear do na cuspóirí caomhantais dár ainmníodh an láithreán lena n-áirítear éifeachtaí díreacha, indíreacha, i gcomhcheangal, gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ach gan mionéifeachtaí nó éifeachtaí neamhleanúnacha a chur san áireamh. Le go mbeadh éifeacht ina éifeacht shuntasach, ní mór dó a bheith suntasach, ábhartha maidir leis na cuspóirí caomhantais agus ní féidir dóchúlacht éifeachtaí a fhágáil as an áireamh go réasúnta faoin bprionsabal réamhchúraim.

Ní féidir tionscadal a chur as an áireamh maidir leis an riachtanas chun MTN agus measúnú oiriúnachta a chur isteach ag céim an iarratais FST ar bhonn bearta maolaithe. Mar sin féin, d'fhéadfaí féachaint ar bhearta maolaithe áirithe ar nós cloí leis an gcleachtas foirgníochta is fearr agus úsáid linnte draenála nó síothlaithe mar chuid intreach den obair a bheidh le cur i gcrích agus iad a chur san áireamh sa

tástáil. Is faoi bhreithiúnas an Bhoird Phleanála a bheidh cé, ag brath ar nádúr agus méid na forbartha, cuspóirí caomhantais an láithreáin agus an chéim chinnteachta maidir leis an toradh.

Féadfaidh an Bord Pleanála dul i gcomhairle le daoine nó comhlachtaí ábhartha ar nós an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra maidir le hiarratais a fhaightear ar chinntí tástála MO.

Tuairim staidéir scóipe maidir le heolas a chaithfidh a bheith san MTN

Ní cuid de ghnáthmheasúnú éiceolaíoch é an próiseas measúnaithe oiriúnachta ach measúnú tionchair fócasaithe mionsonraithe d'impleachtaí thionscadal FST, ina aonar, nó i dteannta pleananna agus tionscadail eile, ar iomláine láithreán / láithreáin Eorpach / Eorpacha i bhfianaise a chuspóirí caomhantais. Beidh tuairim an Bhoird Phleanála dírithe ar chuspóirí caomhantais an láithreáin. Más mian leis an iarratasóir ionchasach tuairim a iarraidh ar thosca éiceolaíocha nach mbaineann le cuspóirí caomhantais an láithreáin Eorpaigh / na láithreáin Eorpach i dtrácht, ansin chaithfeadh sin a bheith ina ábhar le hiarratas staidéir scóipe ar leith maidir le MTT.

Chun cuidiú leis an mBord Pleanála a thuairim a thabhairt, le cois na nithe atá leagtha amach thuas (riachtanais a chaithfeadh a chomhlíonadh agus iarratas á dhéanamh ag an iarratasóir ionchasach), bheadh an Bord Pleanála ag súil leis go mbeadh na nithe seo a leanas ag gabháil le hiarratas ar thuairim staidéir scóipe maidir le cén t-eolas a chaithfidh a bheith san MTN:

- Sonraí aon tuarascála, eolais agus comhairle a fuarthas ó dhaoine inniúla (m.sh. éiceolaithe) maidir le haon ní a d'fhéadfadh a bheith bainteach le tuairim staidéir scóipe an Bhoird Phleanála.
- Sonraí aon eolais agus comhairle a fuarthas nó aon chomhairliúcháin le daoine nó comhlachtaí lena mbaineann inniúla (m.sh. NPWS, IFI, Údarás Pleanála) maidir le haon ní a d'fhéadfadh a bheith bainteach le tuairim staidéir scóipe an Bhoird Phleanála.

Féadfaidh an Bord Pleanála dul i gcomhairle le daoine nó comhlachtaí ábhartha ar nós an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra maidir le hiarratais a fhaightear ar chinntí staidéir scóipe MO.

Treoir AE 2014/52/AE (leasú): Impleachtaí do chinntí tástála / tuairimí staidéir scóipe MTT

Tháinig an Treoir seo i bhfeidhm an 15 Bealtaine 2016. Cé nár trasúidh é fós i reachtaíocht na hÉireann, leagtar amach i gCiorclán 1/2017, a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, na socruithe eatramhacha a bheidh i réim roimh thús feidhme na reachtaíochta trasuite.

De bhrí go ndéanfar aon iarratas ar chinneadh tástála / tuairim staidéir scóipe MTT faoi alt 7 a thaisceadh agus a dhéanamh chuig an mBord Pleanála tar éis don Treoir nua leasaithe teacht i bhfeidhm, féachfaidh an Bord Pleanála, d'ainneoin nach bhfuil aon rialacháin Éireannacha trasuite ann fós, le Treoir 2014 a chur chun feidhme laistigh dá chumhachtaí reatha riaracháin / reachtacha. Beidh impleachtaí aige sin do thástáil agus do staidéar scóipe ó thaobh an eolais a bheidh le soláthar ag iarratasóirí ionchasacha agus conclúidí an Bhoird Phleanála (féach na pointí urchair thíos ina liostaítear roinnt athruithe).

Ba chóir d'iarratasóir ionchasach féachaint do na forálacha leasaithe maidir le MTT atá leagtha amach i dTreoir 2014/52/AE agus iad a chorprú in aon iarratas maidir le MTT, a mhéad a bhaineann siad le hiarratas maidir le MTT a dhéantar de bhun alt 7.

Seo a leanas cuid de na príomhathruithe (i mbeagán focal). **Mar sin féin, níl an liosta thíos ceaptha le bheith ina anailís chuimsitheach ar na hathruithe a rinne an Treoir ar an bpróiseas MTT.**

- Ba chóir tagairtí do ‘MTT’ a léamh mar thagairtí do ‘TMTT’
- Leasaítear le hairteagail 4(4), 5 agus 6 an nós imeachta maidir le cinntí tástála i gcás an eolais a cheanglaítear ar an bhforbróir a sholáthar. Tá sé sin leagtha amach in Iarscríbhinn IIA. Is féidir bearta maolaithe a sholáthar chun éifeachtaí suntasacha dochracha ar an timpeallacht ón bhforbairt bheartaithe a sheachaint nó a chosc.
- Agus an cinneadh tástála á dhéanamh, tá na critéir nár mhór a chur san áireamh leagtha amach in Iarscríbhinn III. (Féach athruithe / tagairtí mar shampla do riosca mórtionóiscí nó tubaistí agus riosca do shláinte an duine). Tabharfaidh an Bord na príomhchúiseanna agus cúrsaí i dtaca leis an gcinneadh seo ag féachaint do na critéir in Iarscríbhinn III
- Faoi airteagal 3(1) leasaíodh na tosca nár mhór a aithint, a thuairisciú agus a mheasúnú i MTT agus cuireadh ‘daonra agus sláinte an duine’ in áit ‘daoine’, cuireadh ‘bithéagsúlacht’ in áit ‘flóra agus fána’ agus cuireadh an toisc nua ‘talamh’ taobh le ‘ithir, uisce, aer agus aeráid’. Déantar tagairt in airteagal 3(2) leis, d’éifeachtaí ag éirí as a leochailí atá an tionscadal do chontúirtí mórtionóiscí agus / nó tubaistí.

Comhairliúchán an iarratasóra ionchasaigh roimh iarratas alt 7 a dhéanamh

Moltar go láidir d’iarratasóir ionchasach dul i gcomhairle le comhlachtaí forordaithe agus le comhlachtaí eile, Údarás Pleanála, an pobal agus aon duine eile a bhféadfadh eolas a bheith acu a bhaineann le cuspóirí tástáil MTT / staidéir scóipe MO roimh iarratas alt 7 a dhéanamh.

Is féidir go mba chabhair chuige seo agus chun daoine nó comhlachtaí mar sin a shainiú an cruinniú éigeantach alt 247 idir an t-iarratasóir ionchasach agus an t-Údarás Pleanála sula dtéitear isteach i bpróiseas Comhairliúcháin Réamhiarratais FST agus an cruinniú comhairliúcháin a thionóltar le linn an phróisis fhoirmiúil Comhairliúcháin Réamhiarratais faoi alt 6(5) d’Acht 2016.

Maidir le gach ceist i dtaobh na Treorach seo:

Cuir glao fóin orainn ag:	(01) 858 8100 nó Glao áitiúil: 1890 275 175
Seol ríomhphost chugainn ag:	strategichousing@pleanala.ie
Gabh chuig ár suíomh Gréasáin ag:	www.pleanala.ie/shd/general/index_ga.htm
Scríobh chugainn ag:	An tAonad Tithíochta Straitéisí An Bord Pleanála 64 Sráid Mhaoilbhríde Baile Átha Cliath 1 D01 V902